2017. S72T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ CÉADAOIN, 7 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00-3.30

Uimhir an Ionaid | | Scrúduimhir | |

TREORACHA

1. Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.

2. Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (18 marc)
Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 marc)
Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (20 marc)
Iomlán (80 marc)

3. Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

4. Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh	
2. Móriomlán na gceisteanna a dícheadaíodh	
3. An marc a bronnadh (1 lúide 2)	
4. Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge	
5. An marc iomlán a bronnadh	

	Marc	
An Scrúdpháipéar		
An Tionscadal Gníomhaíochta		
IOMLÁN		
GRÁD		

DON SCRÚDAITHEOIR			
	Ceist	**Marc**	
Roinn 1	**C1**		
	C2		
	C3		
Roinn 2	**C1**		
	C2		
	C3		
	C4		
Roinn 3	**C1**		
	C2		
	C3		
	C4		
IOMLÁN			
BÓNAS DON GHAEILGE			
MÓRIOMLÁN			

Roinn 1

Freagair gach ceist sa roinn seo.

1. Is féidir na ceithre áit thíos a nascadh leis na coincheapa de chuid OSSP ar an liosta.
Sa spás atá ar fáil, meaitseáil an coincheap leis an áit is fearr a léiríonn é.

Níl cead agat aon choincheap díobh a úsáid níos mó ná **aon uair amháin.**

Coincheap: **Maoirseacht** **Daonlathas**

Dlí **Imspleáchas**

Na Ceithre Cúirteanna

(a) _____

Zú Bhaile Átha Cliath

(b) _____

Áras an Uachtaráin

(c) _____

Foirgneamh na Náisiún Aontaithe

(d) _____

(8 marc)

2. Cuir na focail chearta sna spásanna atá ar fáil chun na habairtí seo a leanas a chríochnú.
Tá an chéad litir de gach focal curtha ar fáil duit.

(a) In Éirinn, bíonn Olltoghchán ann gach c_____ bliana.

(b) Pléann an Chúirt L_____ le cásanna dlí a bhaineann le daoine faoi 18.

(c) Is é D_____ na nÓg parlaimint na ndaoine óga idir 12-18 mbliana d'aois.

(d) Ghlac C_____ na hÉireann páirt sna hiarrachtaí le daoine a tharrtháil as báid róphlódaithe sa Mheánmhuir.

(e) Is í an ch_____ siombail náisiúnta na hÉireann agus tá sí le feiceáil ar litreacha agus ar chlúdaigh litreach an rialtais.

(f) An t-ainm atá ar Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe a ceapadh le déanaí ná António G_____.

(g) Tá an Roinn A_____ freagrach as cánachas sa tír seo.

(7 marc)

3. Tugtar thíos na teidil atá ag trí phearsa pholaitiúla dhifriúla in Éirinn.
Sa spás atá ar fáil, meaitseáil teideal na pearsan polaitiúla leis an gcur síos ceart.

Teideal: TD (Teachta Dála)

Comhairleoir

Ard-Aighne

Teidil	**Cur síos**
	Is ball den rialtas áitiúil é an duine seo.
	Is é comhairleoir dlí an rialtais é an duine seo.
	Is ball tofa de Dháil Éireann é an duine seo.

(3 mharc)

Roinn 2

Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.

Tá 14 mharc ag gabháil le gach ceist.

1. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Scrúdaigh an leathanach gréasáin *Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe* do Roinn 2, Ceist 1, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 1).

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an leathanach gréasáin seo, freagair na ceisteanna thíos.

(a) (i) Cé mhéad Sprioc Forbartha Inbhuanaithe atá ann? _____

(ii) Cad leis a ndeachaigh Spriocanna Forbartha na Mílaoise i ngleic?

_____

(2 mharc)

(b) (i) Úsáid an t-eolas ar an leathanach gréasáin chun an abairt seo a leanas a chríochnú:

Sa domhan seo, bíonn ocras ar _____ milliún duine gach lá. San áireamh anseo, tá os cionn _____ milliún páiste faoi bhun cúig bliana d'aois.

(ii) Cad é an fhadhb sláinte is mó ar domhan?

_____

(ii) Cén aidhm atáthar ag iarraidh a bhaint amach faoin mbliain 2030 le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 2?

_____

(3 mharc)

(c) Cad atá ag teastáil chun Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 2 a bhaint amach?

_____

_____

(1 mharc)

(d) Ba mhaith le do rang OSSP cuireadh a thabhairt do dhuine ó Concern teacht chun cainte le do rang mar gheall ar an ocras ar fud an domhain. Déan cur síos ar **dhá** chéim a bheadh ar do rang a dhéanamh chun an chuairt seo a eagrú.

An chéad chéim: _____

_____

_____

An dara céim: _____

_____

_____

(4 mharc)

(e) Dúirt Buzz Aldren, spásaire, an dara duine a shiúil ar an ngealach:

"Más féidir linn an lámh in uachtar a fháil ar an spás, is féidir linn an lámh in uachtar a fháil ar an ocras ar fud an domhain."

Teastaíonn ó do rang OSSP díospóireacht a bheith agaibh faoin teideal sin thuas.

Tabhair argóint **amháin** ar son na tuairime seo agus argóint **amháin** ina coinne.

Argóint ar a son: _____

_____

_____

Argóint ina coinne: _____

_____

_____

(4 mharc)

2. Daonáireamh 2016

Scrúdaigh an ghrafaic faisnéise *Réamhthorthaí Dhaonáireamh 2016* do Roinn 2, Ceist 2, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 2).

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an ngrafaic faisnéise seo, freagair na ceisteanna thíos.

(a) (i) Cad a bhailítear sa daonáireamh?

_____

_____

(ii) Cathain a bhí an daonáireamh is deireanaí ann? _____

(iii) Ainmnigh **dhá** rud a gcuirtear ceisteanna ar theaghlaigh agus ar dhaoine aonair fúthu sa daonáireamh.

1. _____

2. _____

(3 mharc)

(b) (i) Céard é daonra na hÉireann de réir an daonáirimh is deireanaí?

_____

(ii) Cén méadú nádúrtha a tháinig ar an daonra idir 2011 agus 2016?

_____

(2 mharc)

(c) De réir an daonáirimh, is é Dún na nGall an contae ina raibh an imirce amach ab airde (daoine ag fágáil an chontae). Céard is cúis leis sin, dar leat?

_____

_____

(2 mharc)

(d) Úsáideann an Rialtas eolas ón daonáireamh mar chabhair chun pleanáil don todhchaí. Conas a chabhródh eolas ón daonáireamh chun pleanáil don tithíocht, do chúrsaí oideachais agus do chúramaí sláinte?

Tithíocht: _____

_____

Oideachas: _____

_____

Cúramaí Sláinte: _____

_____

(3 mharc)

(e) Tá sé léirithe ag an daonáireamh i do cheantarsa go dtiocfaidh méadú ar líon na mac léinn a fhreastalaíonn ar do scoilse as seo go ceann cúpla bliain.

Ainmnigh agus mínigh **dhá** cheist a éiríonn as an eolas seo chomh fada agus a bhaineann le pleanáil do thodhchaí do scoilse.

Ceist 1: _____

Míniú: _____

_____

Ceist 2: _____

Míniú: _____

_____

(4 mharc)

3. Cóirthrádáil

Scrúdaigh an mata boird le haghaidh siopa caife *Cóirthrádáil* do Roinn 2, Ceist 3, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 3).

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an mata boird seo, freagair na ceisteanna thíos.

(a) (i) Cad is Cóirthrádáil ann?

_____

_____

(ii) Cad a fhaigheann feirmeoirí agus oibrithe nuair a dhíolann siad de réir choinníollacha na Cóirthrádála?

_____

_____

(2 mharc)

(b) (i) Cad a thugann an Chóirthrádáil don duine atá ag siopadóireacht?

_____

(ii) Cén táirge talmhaíochta trópaiceach is luachmhaire agus is mó a ndéantar trádáil air?

_____

(iii) Cé mhéid duais a bhuaigh caife Cóirthrádála in 2014?

_____

(3 mharc)

(c) Cad iad na buntáistí a fhaigheann feirmeoirí as caife Cóirthrádála a tháirgeadh?

_____

_____

(2 mharc)

(d) Tá sé beartaithe ag do rang OSSP tvuíteáil chun mic léinn a spreagadh le táirgí Cóirthrádála a úsáid.

Scríobh an tvuít a phostálfá ar Twitter chun daoine a spreagadh le táirgí Cóirthrádála a cheannach.

(Níor chóir go mbeadh níos mó ná 140 carachtar i do theachtaireacht, litreacha agus spásanna san áireamh).

Tvuít:

(3 mharc)

(e) Tá Cóirthrádáil tar éis an mata boird seo a chur ar fáil do shiopaí caife na Cóirthrádála. Tabhair **dhá** chúis a mhíníonn a bhfuil i gceist acu a bhaint amach leis an mata seo.

An chéad chúis: _____

_____

An dara cúis: _____

_____

(4 mharc)

4. Cosc Dramhaíola

Scrúdaigh an póstaer *Coisc an Cur Amú* do Roinn 2, Ceist 4, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 4).

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an bpóstaer, freagair na ceisteanna thíos.

(a) (i) Ainmnigh suíomh gréasáin **amháin** ar féidir leat cuairt a thabhairt air má theastaíonn uait rud éigin a dhíol.

_____

(ii) Ainmnigh **dhá** rud is féidir a thabhairt go dtí na Bainc atá Saor in Aisce.

1. _____

2. _____

(iii) Cad ba chóir duit a dhéanamh le seancheallraí?

_____

(3 mharc)

(b) Ainmnigh **dhá** shlí ar féidir leat cur amú bia a sheachaint.

1. _____

2. _____

(2 mharc)

(c) Conas a dhéantar rud 'a uaschúrsáil'?

_____

_____

(2 mharc)

(d) Ba mhaith le do phobal áitiúil feachtas a eagrú chun an cur amú a chosc.

Ainmnigh **dhá** ghníomh a d'fhéadfadh do rang OSSP a dhéanamh chun leis an bhfeachtas seo, agus déan cur síos orthu.

An chéad ghníomh: _____

Cur síos: _____

_____

An dara gníomh: _____

Cur síos: _____

_____

(4 mharc)

(e) Glacann mórán scoileanna páirt i ngníomhaíochtaí chun an timpeallacht a chosaint.

Mínigh le mionsonraí cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go nglacfadh daoine **óga** páirt i ngníomhaíochtaí dá leithéidí seo.

_____

_____

_____

_____

(3 mharc)

Roinn 3

Freagair ceann amháin de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.
Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.

Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt, iarr ar Fheitheoir an Scrúdaithe é le do thoil.

1. Aoisghníomhaíocht

Is eagraíocht í Aoisghníomhaíocht a dhéanann cúram de chearta seandaoine in Éirinn. Ba mhaith le do rang OSSP feachtas a chur ar bun chun eolas a scaipeadh faoin obair a dhéanann Aoisghníomhaíocht sa phobal áitiúil.

(a) Ainmnigh agus mínigh **dhá** ghníomhaíocht a bhféadfadh do rang tabhairt fúthu chun eolas a scaipeadh mar gheall ar an obair a dhéanann Aoisghníomhaíocht. (6 mharc)

(b) Mar chuid den fheachtas seo, ba mhaith le do rang OSSP obair dheonach a dhéanamh chun cabhrú leis na gníomhaíochtaí ar son seandaoine a bhíonn ar siúl san ionad cúram lae áitiúil. Scríobh an ríomhphost a sheolfá chuig bainisteoir an ionaid agus tabhair **dhá** chúis a gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach go nglacfadh daoine óga páirt i ngníomhaíochtaí dá leithéidí seo. (6 mharc)

(c) Ainmnigh **dhá** fhadhb a chuireann isteach ar sheandaoine i do phobal. I gcás an **dá** fhadhb díobh, déan cur síos mionsonrach ar an gcaoi a bhféadfadh do phobal áitiúil dul i ngleic leis na fadhbanna sin. (8 marc)

2. Uair ar son an Domhain

Ócáid í Uair ar Son an Domhain a bhíonn ar siúl ar fud an domhain uair sa bhliain chun daoine aonair, pobail, teaghlaigh agus gnólachtaí a spreagadh lena oiread soilse agus is féidir a mhúchadh ar feadh uair an chloig amháin. Tá sé beartaithe ag do scoilse páirt a ghlacadh in Uair ar son an Domhain i mbliana.

(a) Tá níos mó daoine ag glacadh páirte in Uair ar son an Domhain gach bliain. Scríobh an óráid a thabharfá ag tionól scoile chun an tábhacht a bhaineann le hUair ar son an Domhain a mhíniú. Mar chuid den óráid seo, ba chóir duit a mhíniú gur sampla de mhaoirseacht ghníomhach atá anseo. (8 marc)

(b) Dear póstaer chun daoine **a spreagadh** le páirt a ghlacadh in Uair ar son an Domhain. Ba chóir sluán a bheith san áireamh ar an bpóstaer seo agat. (6 mharc)

(Tá leathanach bán i gcúl an fhreagarleabhair seo don phóstaer.)

(c) Luaigh agus mínigh **trí** ghníomhaíocht eile seachas Uair ar son an Domhain a bhféadfadh do scoil páirt a ghlacadh iontu le cuidiú chun an timpeallacht a chosaint. (6 mharc)

3. Coireacht

Tá siopadóirí i do cheantar áitiúil ag gearán go bhfuil méadú tagtha ar leibhéal na gadaíochta siopa. Tá staidéar déanta ag do rang OSSP ar choincheap an dlí agus anois teastaíonn uaibh rud éigin a dhéanamh chun eolas a scaipeadh mar gheall ar choir na gadaíochta siopa.

(a) Déan póstaer a dhearadh chun tacú leis an bhfeachtas i gcoinne choir na gadaíochta siopa. Bíodh sluán san áireamh ar an bpóstaer seo agat.

(6 mharc)

(Tá leathanach bán i gcúl an fhreagarleabhair seo don phóstaer.)

(b) Deir daoine áirithe gur coir í an ghadaíocht siopa nach mbíonn aon duine thíos leis mar creideann siad nach ngortaítear aon duine. Tabhair **dhá** argóint mhionsonracha i gcoinne na tuairime seo.

(6 mharc)

(c) Déan cur síos ar **dhá** ghníomhaíocht seachas póstaer a d'fhéadfaí a dhéanamh chun daoine a chosc ar ghadaíocht siopa a dhéanamh. Mínigh cén fáth arbh fhéidir go stopfadh an dá ghníomhaíocht seo daoine de bheith ag déanamh choir na gadaíochta siopa.

(8 marc)

4. Parlaimint Óige na hEorpa

Tacaíonn Parlaimint Óige na hEorpa le forbairt daoine óga ina saoránaigh freagracha atá eolach ar an bpolaitíocht, trí pháirt a thabhairt dóibh i smaointeoireacht pholaitiúil na hEorpa. Tá sé beartaithe ag do rang OSSP breis eolais a fháil ar Pharlaimint Óige na hEorpa.

(a) Tabhair **thrí** chúis a bhfuil sé tábhachtach go nglacfadh daoine óga páirt sa pholaitíocht.

(6 mharc)

(b) Tá sé beartaithe ag do rang OSSP beirt bhall de do rang a chur ar cuairt ar Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil. Déan cur síos ar **thrí** ghníomhaíocht tiomsaithe airgid a d'fhéadfadh do rang a eagrú chun airgead a bhailiú don turas seo. (6 mharc)

(c) Tá sé beartaithe ag do rang OSSP toghchán bréige don Aontas Eorpach a rith. Tabhair **dhá** chúis a dteastaíonn uait toghchán bréige don Aontas Eorpach a rith agus déan cur síos ar **cheithre** chéim thabhachtacha i bpleanáil na gníomhaíochta seo. (8 marc)

Cuir tic [✓] leis an gceist as Roinn 3 atá á freagairt agat, le do thoil.

C. 1 ☐ C. 2 ☐ C. 3 ☐ C. 4 ☐

Chun an cheist ar an bpóstaer [*C2 (b) nó C3 (a)*] i Roinn 3 amháin, a fhreagairt.